# Údarás Uchtála na hÉireann

# Tuarascáil Bhliantúil 2013

## Comhaltas an Bhoird - 2013

An Dr. Geoffrey Shannon, Cathaoirleach

Helen Collins, Leaschathaoirleach

Siobhan Keogh

Corrina Carrick

An Dr. Ann McWilliams

An Dr. Imelda Ryan

Anne O'Flaherty

| | |
|---|---|
| Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Gníomhach: | Kiernan Gildea |
| Ceann Oibríochtaí: | Anthony Abbott King |
| Príomhoibrí Sóisialta: | Celia Loftus |

Tuarascáil ó

Udarás Uchtála na hÉireamm

don bhliain 2013

Do: An tUas. Charles Flanagan, T.D.

Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige,

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.

# CLÁR

Brollach

Uchtáil Bhaile
- Anailís ar Ghníomhaíochtaí
- Iarratais chuig an Ard-Chúirt
- Treoirlínte maidir le hUchtáil Bhaile
- Saincheisteanna suntasacha

Faisnéis agus Lorgaireacht
- Anailís ar Ghníomhaíochtaí
- An Clár Náisiúnta Roghanna maidir le Teagmháil i gcás Uchtáil (NACPR)
- Reachtaíocht maidir le Faisnéis agus Lorgaireacht

Uchtáil Idir Tíortha
- Anailís ar Ghníomhaíochtaí
- Saincheisteanna a bhaineann le Tíortha Sonracha, Tíortha Choinbhinsiún na Háige
- Saincheisteanna a bhaineann le Tíortha Sonracha, Tíortha nach Tíortha Choinbhinsiún na Háige iad
- Saincheisteanna suntasacha

Creidiúnú

Leasuithe ar an Acht Uchtála 2010

Táblaí Staitistiúla

## Brollach

Ba bhlíain tháirgiúil í an bhliain 2013 d'Údarás Uchtála na hÉireann.

I mí Aibreáin 2013, bhí lúcháir ar an Údarás fáilte a chur roimh líon mór comhghleacaithe Eorpacha go Baile Átha Cliath le haghaidh an 18ú Cruinniú Neamhfhoirmiúil de na hÚdaráis Lárnacha Eorpacha maidir le hUchtáil Idir Tíortha. Ba í Frances Fitzgerald TD, iar-Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, a d'oscail an cruinniú agus bhí sí in ann éisteacht le heispéiris phearsanta ár gcuid comharsan Eorpach i réimse na huchtála idir tíortha.

Buaicphointe de chuid na bliana ab ea ceadú a tugadh i mBealtaine 2013 le haghaidh Socrú Déthaobhach le Stáit Aontaithe Mheiriceá maidir le huchtáil idir tíortha. Leis an Socrú sin, déantar foráil maidir le próiseáil uchtálacha idir tíortha faoi Choinbhinsiún na Háige ach tá coimircí breise ann a bhaineann le toiliú ó na tuismitheoirí breithe/nádúrtha.

Ba chúis áthais don Údarás é fáilte go hÉirinn a chur roimh thoscairí ó Chónaidhm na Rúise (chun plé a dhéanamh faoi Shocrú Déthaobhach féideartha idir Éire agus Cónaidhm na Rúise) agus ó Ionad na Síne i leith Leas agus Uchtáil Leanaí (CCCWA) agus ó sheirbhís uchtála Bridge of Love (BLAS). Thug oifigigh ó ambasáidí na hIndia agus na hÚcráine cuairt ar an Údarás i rith na bliana freisin.

Rith an tOireachtas an tAcht Uchtála (Leasú) 2013 i mí na Nollag 2013. Leis an Acht sin, rinneadh foráil maidir bliain bhreise a chur ar fáil d'iarratasóirí a bheadh ag beartú uchtáil a dhéanamh ó Chónaidhm na Rúise le go mbeidís in ann an próiseas uchtála a chur i gcrích. Meastar go bhféadfadh os cionn daichead iarratasóir leas a bhain as an bhfadú sin.

Chuir an tÚdarás fáilte roimh fhoilsiú Scéim Ghinearálta an Bhille um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh 2014 rud atá ina chloch mhíle thábhachtach ar an mbealach i dtreo aitheantas a thabhairt do leanaí mar shealbhóirí ceart. Cumasóidh sé do leastuismitheoirí caomhnóireacht a lorg agus is athchóiriú tábhachtach é sin sa mhéid go soláthraíonn sé rogha breise do thuismitheoir nach tuismitheoir fola é/í chun freagracht tuismitheoireachta a lorg. Sa Bhille um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh 2014, glactar cur chuige cuimsitheach ceart daonna i leith chearta daonna an linbh agus, tar éis é a achtú, cuirfidh sé deireadh le roinnt constaicí atá ann sa chóras dlí agus a chuireann bac ar leanaí ó thaobh an saol teaghlaigh is fearr agus is féidir a bheith acu.

Tá an tÚdarás ag tnúth le foilsiú na reachtaíochta maidir le faisnéis agus lorgaireacht i rith na bliana 2014. Tá gá leis an reachtaíocht sin chun ár gcuid oibleagáidí idirnáisiúnta a chomhlíonadh. Mar shampla, le hAirteagal 7 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh 1989, ar dhaingnigh Éire é, gan aon fhorchoimeádas, ar an 21 Nollaig 1992, ceanglaítear ar an Stát ceart an linbh a urramú maidir le caomhnú a chéannachta nó a céannachta (lena n-áirítear náisiúntacht, ainm agus cóngais teaghlaigh mar atá aitheanta sa dlí), gan cur isteach neamhdhleathach agus, le hAirteagal 8, tugtar aitheantas don cheart atá ag gach uile leanbh aithne a bheith aige nó aici ar a thuismitheoirí nó ar a tuismitheoirí agus cúram a fháil óna

thuismitheoirí nó óna tuismitheoirí. Tá cinneadh déanta i leith an dá fhoráil sin á rá gurb é a leanann astu, nuair a léitear le chéile iad, ná go bhfuil sé de cheangal ar na Ballstáit faisnéis faoina mbreith a thabhairt do leanaí uchtaithe.

Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil leis an bhfoireann agus le comhaltaí Bhord an Údaráis as a dtiomantas agus as a ndíograis i leith obair an Údaráis. Is mór againn gach rud a dhéanann siad.

Ina theannta sin, is mian linn buíochas a léiriú i leith na tacaíochtaí leanúnaí agus an chúnaimh leanúnaigh a fhaightear ón Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige agus ó fhoireann na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige.

**Kiernan Gildea**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Gníomhach**

**An Dr. Geoffrey Shannon**

## UCHTÁIL BHAILE

### Anailís ar Ghníomhaíochtaí

### Orduithe Uchtála

Deonaíodh 116 Ordú Uchtála sa bhliain 2013 agus is ionann an figiúr sin agus méadú suntasach i gcomparáid le 49 n-ordú a rinneadh sa bhliain 2012.. Maidir leis na horduithe a deonaíodh, rinneadh a bhformhór (86) in uchtálacha leasteaghlaigh; ní raibh ach cás amháin ann ina raibh athair breithe ag uchtáil in éineacht lena bhanchéile.

### Dearbhuithe Incháilitheachta agus Oiriúnachta

Rinneadh 161 Dearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta a dheonú sa bhliain 2014. Ba é a bhí sa mheánam idir iarratas a dhéanamh ar Dhearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta agus deonú an Dearbhaithe ná 17.5 seachtain. Sa chuid is mó cásanna, deonaíodh Dearbhuithe laistigh de 4 seachtaine ón tráth a bhfuarthas an t-iarratas, ach thóg sé i bhfad níos faide chun déileáil le cinn eile, rud ab amhlaidh de bharr roinnt rudaí lena n-áirítear:

- foirmeacha iarratais neamhiomlána nó míchearta;
- gá le tuarascálacha liachta forlíontacha;
- am feithimh i ndáil le himréiteach ón nGarda Síochána agus/nó ó phóilíní coigríche.

### Iarratais chuig an Ard-Chúirt

Faoin Acht Uchtála 2010, tá sé d’oibleagáid ar an Údarás ordú a fháil ón Ard-Chúirt sular féidir dul ar aghaidh le hiarratas ar uchtáil.

I gcás nach eol don Údarás céannacht athar breithe nó i gcás nach raibh sé in ann an t-athar breithe a aimsiú chun fógra a thabhairt dó agus dul i gcomhairle leis maidir le suíomh a linbh lena uchtáil/huchtáil nó i ndáil le hiarratas ar uchtáil a linbh, ní mór don Údarás iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt chun féachaint le comhairliúchán den sórt sin a ligean thar ceal.

Sa bhliain 2013, rinneadh ceithre iarratas chun na hArd-Chúirte faoi Alt 18 den Acht le go bhféadfaí leanbh a shuíomh lena uchtáil/huchtáil gan dul i gcomhairle leis an athair breithe. Géilleadh do na ceithre iarratas.

Rinneadh 23 iarratas chun na hArd-Chúirte faoi Alt 30 den Acht le go bhféadfaí leanúint ar aghaidh le hiarratas ar uchtáil gan dul i gcomhairle leis an athair breithe.

Rinneadh 12 ordú agus, ag deireadh na bliana, bhíothas ag feitheamh le dátaí san Ard-Chúirt le haghaidh 11 chás.

I gcásanna eile nach bhfuil toilithe ó thuismitheoirí ar fáil agus/nó i gcás inar féidir a thaispeáint gur mhainnigh an tuismitheoir (na tuismitheoirí) a dhualgas/dualgas (a ndualgas) a chomhlíonadh i leith a linbh agus go meastar gurb é leas an linbh é uchtáil a dhéanamh, ní mór don ghníomhaireacht um leanaí agus an teaghlach agus/nó na hiarratasóirí iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte chun ordú a lorg chun ligean don Údarás an t-ordú uchtála a dhéanamh. Sa bhliain 2013, rinneadh 9 n-iarratas den sórt sin chun na hArd-Chúirte faoi Ailt 53/54 den Acht. Rinneadh 6 ordú agus, ag deireadh na bliana, bhíothas ag feitheamh le dátaí éisteachta le haghaidh 3 cinn.

**Treoirlínte maidir le hUchtáil Bhaile:**

Cuireadh bailchríoch ar "Treoirlínte maidir le Cleachtas i réimse na hUchtála Baile" sa bhliain 2013 agus foilseofar go luath sa bhliain 2014 iad. Tar éis iad a fhoilsiú, soláthrófar oiliúint maidir leis na Treoirlínte d'oibrithe sóisialta, do riarthóirí agus do bhainisteoirí atá bainteach le próiseáil na n-uchtálacha baile go léir. Tríd an oiliúint agus tríd an bhfaisnéis, tabharfar tacaíocht leantach i leith cleachtas comhsheasmhach caighdeánaithe a fhorbairt ar bhonn náisiúnta.

**Saincheisteanna suntasacha:**

Lean Údarás Uchtála na hÉireann d'aird a tharraingt ar chearta agus ar leasanna leanaí i ngach gné dá chuid oibre agus féachann sé lena chinntiú go dtugtar éisteacht do ghuth an linbh le linn a bheith ag plé le gach ní a bhaineann le huchtáil. I gcás uchtáil bhaile tar éis cúram altramais fadtéarma, bíonn aois agus leibhéal aibíochta, a fhágann gur féidir a mianta a bhreithniú go cuí agus dul i gcomhairle leo faoin uchtáil atá beartaithe, bainte amach ag an gcuid is mó leanaí. Sa bhliain 2013, mar a tharla i mblianta roimhe seo, rinne Údarás Uchtála na hÉireann aird an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige a tharraingt ar roinnt saincheisteanna a bhfuil gá le beart reachtach ina leith lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- rogha maidir le "uchtáil oscailte" lena chinntiú go seastar go dlíthiúil le cearta leanaí chun caidreamh a bheith acu le tuismitheoirí breithe/nádúrtha i gcás inar mian leo teagmháil a bheith acu leo.
- go bhféadfaí scrúdú a dhéanamh ar mhodh dlíthiúil seachas uchtáil i gcúinsí leasteaghlaigh agus teaghlaigh shínte d'fhonn cearta agus freagrachtaí tuismitheoirí uchtaíocha, amhail fearchéile máthar breithe/nádúrtha, gan athrú a dhéanamh ar stádas mháthair an linbh go stádas mar thuismitheoir uchtaíoch agus chun cosc a chur ar chailleadh chearta agus fhreagrachtaí an athar i ndáil leis an leanbh.

**FAISNÉIS agus LORGAIREACHT**

**Anailís ar Ghníomhaíochtaí**

Sa bhliain 2013, fuair an tAonad Faisnéise agus Lorgaireachta 1,480 iarraidh i scríbhinn, le litir, agus le ríomhphost, ar fhaisnéis agus nó ar chúnamh ó dhaoine den phobal, ó ghníomhaireachtaí creidiúnaithe, ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte/ón nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach agus ó chomhlachtaí poiblí eile agus dhéileáil sé le tuairim is 5,000 fiosrú teileafóin.

Fuarthas 43 iarratas ó dhaoine uchtaithe ar scaoileadh an deimhnithe breithe. An bhliain chéanna, scaoileadh 18 ndeimhniú breithe agus diúltaíodh do 15 iarratas.

Ina theannta sin, phróiseáil an tAonad 721 iarratas chun clárú leis an gClár Náisiúnta Roghanna maidir le Teagmháil i gcás Uchtáil agus lean 71 "meaitseáil" as sin. Faoi dheireadh na bliana, bhí tuairim is 7,500 duine uchtaithe agus 3,400 gaol nádúrtha cláraithe. Tá 670 meaitseáil ann dá bharr sin go dtí seo. De ghnáth, is mar atá leagtha amach in athbhreithniú ar oibriú an Chláir ó 2005 go 2007 atá an miondealú de réir aoise, inscne roghanna teagmhála etc. agus tá an t-athbhreithniú sin ar fáil ag http://www.aai.gov.ie/index.php/information-atracing/information-booklets.html

**An Clár Náisiúnta Roghanna maidir le Teagmháil i gcás Uchtáil (NACPR)**

Ó tharla gur Clár saorálach atá i gceist, bíonn an rath ag brath ar an líon daoine uchtaithe agus gaolta breithe a chláraíonn a gcuid mianta maidir le teagmháil. Nuair a fhaigheann an tÚdarás nó seirbhísí uchtála Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte/na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach agus soláthróirí creidiúnaithe seirbhísí uchtála fiosruithe. is gnách eolas a thabhairt faoin gclár sin a bheith ann agus moltar go mór do dhaoine clárú. Ina theannta sin, molann an tÚdarás d'aon duine nó eagraíocht eile a bhfuil leas acu sa réimse seo an rud céanna a dhéanamh.

Nuair a eisíodh an scannán "Philomena" ag deireadh na bliana 2013, cruthaíodh spéis mhór, sna meáin agus i measc an phobail i gcoitinne, i réimse na faisnéise agus na lorgaireachta i dtaca le cúrsaí uchtála de agus tarraingíodh aird athuair ar an easpa reachtaíochta agus acmhainní, rud is cúis le moilleanna móra do dhaoine uchtaithe agus dá dtuismitheoirí breithe/nádúrtha ó thaobh soláthar seirbhíse de. Is fiú a lua gurb amhlaidh, dá mba rud é go raibh an Clár Náisiúnta Roghanna maidir le Teagmháil i gcás Uchtáil ann an tráth atá i gceist sa scannán, go mbeadh an mháthair agus an mac a bhfuil an scannán "Philomena" bunaithe ar a saoil, in ann teagmháil a dhéanamh lena chéile. Táthar ag súil gurb é a tharlóidh mar thoradh ar thabhairt isteach an Bhille um Fhaisnéis agus Lorgaireacht atá le foilsiú le gairid agus ina mbeidh forálacha maidir le NACPR a chur ar bhonn reachtúil, ná poiblíocht a thabhairt don Chlár arís agus spreagadh a thabhairt do gach duine cáilithe (go háirithe tuismitheoirí breithe scothaosta) clárú.

**Reachtaíocht maidir le Faisnéis agus Lorgaireacht**

Chomh fada siar leis an mbliain 1983, d'éiligh an Bord Uchtála (ar a dtugtar Údarás Uchtála na hÉireann anois) go dtabharfaí reachtaíocht isteach maidir leis an ábhar seo. Cé go n-admhaítear go mbíonn deacrachtaí ann i réimse chomh casta agus chomh híogair seo, tá easpa bonn reachtaíochta fós ina cúis le deacrachtaí maidir le Seirbhís Faisnéise Uchtála agus Lorgaireachta a chur ar fáil chun freastal ar riachtanais na mílte daoine uchtaithe agus ar riachtanais a dtuismitheoirí breithe/nádúrtha.

Leanann an tÚdarás de chomhairle agus de chúnamh a thabhairt don Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige sa réimse seo i ndáil le codanna den réimse seo ina bhfuil gá le reachtaíocht chun cleachtas a leagan síos agus chun rochtain a thabhairt ar eolas faoi ghaolta breithe/nádúrtha. Tá le rochtain ar sheirbhísí gairmiúla comhairle agus idirghabhála freisin chun laghdú a dhéanamh ar úsáid meán sóisialta nó comhairleoirí neamhoilte rud a d'fhéadfadh teagmháil láithreach a sholáthar gan an t-am agus na coimircí atá riachtanach ar mhaithe le cosaint na gceart atá ag gach duine lena mbaineann a chur ar fáil.

Athluann an tÚdarás na tuairimí seo a leanas dá chuid:

- tá an ceart ag daoine a uchtaíodh chun faisnéis aitheantais a fháil
- tá an ceart ag daoine a chreideann gur uchtaíodh iad chun faisnéis a fháil má bhíonn an fhaisnéis sin ar fáil
- is féidir máithreacha breithe/nádúrtha a chur ar an eolas sula scaoiltear faisnéis aitheantais
- is ceart seirbhísí comhairle/idirghabhála a sholáthar chun cúnamh a thabhairt do dhaoine maidir lena riachtanais i leith an chuardaigh, na faisnéise agus an phróisis teagmhála/teacht le chéile **UCHTÁIL IDIR TÍORTHA**

**Anailís ar Ghníomhaíochtaí**

Dheonaigh an tÚdarás 266 Dhearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta sa bhliain 2013 d'iarratasóirí a bhí ag iarraidh uchtáil a dhéanamh thar lear agus shínigh sé 94 Dhearbhú a bhí ann cheana féin go ceann bliain amháin.

Cuireadh 141 thaifead san iomlán isteach i gClár na nUchtálacha Idir Tíortha i leith na n-alt iomchuí go léir den Acht Uchtála 2010.

**Saincheisteanna a bhaineann le Tíortha Sonracha - Stáit Choinbhinsiún na Háige**

**An Bhulgáir**

I rith na bliana 2013, d'éascaigh Gníomhaireacht Uchtála ARC roinnt uchtálacha ón mBulgáir. Cé nach bhfuil líon beag leanaí tarchurtha chuig lánúineacha Éireannacha go dtí seo, samhlaítear go dtiocfaidh méadú air sin mar thoradh ar iarratasóirí Éireannacha a bheith ag tarraingt ar bharr an Liosta Feithimh Uchtála Idir Tíortha sa Bhulgáir.

**An India**

Faoi láthair, níl an India ag glacadh le hiarratais ó iarratasóirí Éireannacha i leith leanaí gnáthchatagóra. Tá sé curtha in iúl ag an India go mbeartaítear glacadh le hiarratais ó iarratasóirí ar mian leo leanaí ag a bhfuil riachtanais speisialta a uchtáil. Fuair an tÚdarás iarratais ó dhá Chomhlacht Chreidiúnaithe a raibh spéis acu i soláthar seirbhísí éascaíochta d'iarratasóirí ar mian leo uchtáil a dhéanamh ón India.

**An Chasacstáin**

Tar éis creidiúnú a fháil ón Údarás, rinne *Family Bridge Adoptions Ltd.* iarratas ar chreidiúnú sa Chasacstáin. Ach dhiúltaigh údaráis na Casacstáine dá n-iarratas ar chreidiúnú. Tá sé curtha in iúl ag Comhlacht Creidiúnaithe, atá lonnaithe i Stáit Aontaithe Mheiriceá faoi láthair, go bhféadfadh sé a bheith toilteanach comhlacht féinrialaitheach a bhunú in Éirinn.

**Na hOileáin Fhilipíneacha**

Fuair Éire 6 tharchur maidir le leanaí as na hOileáin Fhilipíneacha sa bhliain 2013.

I Meán Fómhair 2012, chuir Bord Uchtála Idir Tíortha na nOileán Filipíneach (ICAB) nach nglacfaí le haon iarratais ó iarratasóirí Éireannacha go dtí go ndéanfaí an tréimhse feithimh reatha sna hOileáin Fhilipíneacha a laghdú ó 5 bliana go 1.5 bliain. Ar an 21 Nollaig 2012,bhí 25 iarratasóir Éireannacha cláraithe le ICAB.

Dúirt ICAB go ndéanfaí dhá shuíomh a chur i gcrích sa bhliain 2013.
De bhreis air sin, dúirt siad an méid seo a leanas:
*'Táthar tar éis an aois uasta le haghaidh leanaí a bhíonn ar fáil le haghaidh uchtáil idir tíortha de ghnáth a laghdú ó 8 mbliana d'aois go 6 bliana d'aois.*
*D'fhéadfadh sé go mbeidh leanaí os cionn 6 bliana d'aois ar fáil lena n-uchtáil agus measfar gur 'leanaí a bhfuil riachtanais acu' iad.*
*Tá deireadh curtha leis an moratóir i leith glacadh le hiarratais ina n-iarrtar leanbh san aoisghrúpa 0-24 mhí.'*

Bhí an tÚdarás i dteagmháil le ICAB agus rinneadh uiríll maidir le feabhas a chur ar leithroinnt leanaí d'iarratasóirí Éireannacha. Is léir ón líon leanaí a tarchuireadh chuig iarratasóirí Éireannacha ar uchtáil sa bhliain 2013 gur éirigh leis na huiríll sin.

**Stáit Aontaithe Mheiriceá**

Bhuail ionadaithe de chuid na Roinne Leanaí & Gnóthaí Óige, faoi cheannas an Aire Frances Fitzgerald, agus ionadaithe ó Údarás Uchtála na hÉireann, faoi cheannas an Dr Geoffrey Shannon, Cathaoirleach an Údaráis, le Roinn Stáit na Stát Aontaithe in Washington, i Stáit Aontaithe Mheiriceá, i Meán Fómhair 2013 chun éifeacht a thabhairt don Socrú Riaracháin maidir le huchtáil, ar socrú e a bhí comhaontaithe idir an dá thír. Is féidir téarmaí an tSocruithe sin ina leagtar amach na ceanglais i leith iarratasóirí Éireannacha ar mian leo uchtáil a dhéanamh ó na Stáit Aontaithe a aimsiú ar láithreán gréasáin Údarás Uchtála na hÉireann ag www.aai.gov.ie

**Saincheisteanna a bhaineann le Tíortha Sonracha –- Stáit nach Stáit Choinbhinsiún na Háige iad**

**Cónaidhm na Rúise**

Ós rud é nach bhfuil Coinbhinsiún na Háige 1993 um Chosaint Leanaí agus Comhar i leith Uchtála idir Tíortha daingnithe ag an Rúis agus ós rud é nach bhfuil comhaontú déthaobhach ag Éirinn leis an Rúis, níor eisíodh aon Dearbhuithe Incháilitheachta & Oiriúnachta (DES) sa bhliain 2013 le haghaidh iarratasóirí a bhí ag iarraidh uchtáil a dhéanamh ón Rúis.

Ach ós rud é go raibh iarratasóirí a raibh DES bailí acu cheana féin sular dhaingnigh Éire Coinbhinsiún na Háige i dteideal fadú a fháil i leith na DES-anna sin faoi Alt 63 den Acht Uchtála 2010, rinne roinnt de na hiarratasóirí sin uchtáil a dhéanamh sa Rúis sa bhliain 2013.

Rinne an Rúis leasú ar a reachtaíocht uchtála i lár na bliana 2013 agus, de réir ceann amháin de na bearta a achtaíodh, ordaíodh go bhfanfadh leanaí a bhí cáilithe lena n-uchtáil ar liosta Uchtálacha Baile na Rúise ar feadh tréimhse níos faide ná mar ba ghá roimhe sin. Is é a lean as sin ná go raibh díomá ar líon beag iarratasóirí Éireannacha a bhí ag súil uchtáil a chur i gcrích sa Rúis ó tharla nár tháinig tarchur, nó tarchur ionchasach, leanaí chun bheith ar fáil le haghaidh uchtáil idir tíortha mar a bhíothas ag súil.
Ina dhiaidh sin, d’achtaigh an Rialtas an tAcht Uchtála (Leasú) 2013 ar an 20 Nollaig 2013, ar Acht é ina ndearnadh foráil maidir le Dearbhuithe Incháilitheachta agus Oiriúnachta chun Uchtáil a Dhéanamh a dheonú do na hiarratasóirí sin a raibh DES bailí acu ar an 31 Deireadh Fómhair 2013 agus nach raibh uchtáil déanta acu fós agus a bheartaigh uchtáil a chur i gcrích sa Rúis. Deonaíodh na Dearbhuithe sin ar feadh bliana agus ba é a bhí sa líon daoine a bhí cáilithe chun Dearbhú den sórt sin a fháil ná 23.

**An Aetóip**

Ós rud é nach bhfuil Coinbhinsiún na Háige um Chosaint Leanaí agus Uchtáil Idir Tíortha daingnithe ag an Aetóip agus ós rud é nach bhfuil comhaontú déthaobhach ag Éirinn leis an Aetóip, níor eisíodh aon Dearbhuithe Incháilitheachta & Oiriúnachta (DES) sa bhliain 2013 le haghaidh iarratasóirí a bhí ag iarraidh uchtáil a dhéanamh ón Aetóip.

Ós rud é go raibh iarratasóirí a raibh DES bailí acu cheana féin sular dhaingnigh Éire Coinbhinsiún na Háige i dteideal fadú a fháil i leith na DES-anna sin faoi Alt 63 den Acht Uchtála 2010, rinne roinnt de na hiarratasóirí sin iarracht uchtáil a dhéanamh san Aetóip sa bhliain 2013.

Sa bhliain 2013, ba é a bhí sa líon iomlán uchtálacha a rinneadh faoin bhforáil thuas ná 26.

Tá na faduithe sin faoi Alt 63 imithe in éag anois agus ní tír bhailí a thuilleadh í an Aetóip agus ní féidir le hiarratasóirí Éireannacha í a roghnú.

**An 18ú Cruinniú Neamhfhoirmiúil de na hÚdaráis Lárnacha Eorpacha maidir le hUchtáil Idir Tíortha, an 24 Aibreán 2013**

D'óstáil an tÚdarás an t-imeacht thuas ar an 18-19 Aibreán 2013. Bhí cúig thoscaire agus caoga ann ó Andóra, ón mBeilg, ón gCipir, ó Phoblacht na Seice, ón Danmhairg, ón bhFionlainn, ón bhFrainc, ón nGearmáin, ón Ungáir, ón Íoslainn, ó Éirinn, ón Iodáil, ón Liotuáin, ó Mhálta, ón Ísiltír, ón Iorua, ón bPolainn, ón bPortaingéil, ó San Mairíne, ón tSlóvaic, ón Spáinn, ón tSualainn agus ón Eilvéis.
Bhí ionadaithe ó Bhuanbhiúró Choinbhinsiún na Háige agus ó UNICEF i láthair freisin.

I measc na nithe a bhí ar an gclár oibre, airíodh an méid seo a leanas:

- Leanaí ag a bhfuil riachtanais speisialta, siblíní agus leanaí níos sine a uchtáil (an Iodáil)
- Uchtáil ag lánúineacha comhghnéis (an Ísiltír)
- Saincheisteanna liachta i réimse na huchtála idir tíortha (Éire)
- Leanaí atá faoi chúram altramais a uchtáil (Tuaisceart Éireann)
- Guth an Linbh (An Breitheamh Catherine McGuinness)
- Deacrachtaí a thagann chun cinn nuair a dhéanann daoine ar a bhfuil gnáthchónaí i dtír amháin leanaí as a dtír dhúchais a uchtáil (an Iorua/an Pholainn)

Treochtaí atá sainaitheanta ar fud na hEorpa:

- Tá leanaí atá ar fail lena n-uchtáil ag éirí níos sine
- Measfar gur leanaí ag a bhfuil "riachtanais speisialta" iad tromlach na leanaí atá ar fáil lena n-uchtáil

- Tá laghdú ag teacht ar an líon leanaí atá ar fail lena n-uchtáil
- De bharr líon laghdaitheach na n-uchtálacha idir tíortha, tá inmharthanach cuid mhór
  Comhlachtaí Creidiúnaithe Eorpacha in amhras.
- Maidir leis an ullmhúchán a dhéanfaidh tuismitheoirí ionchasacha, ní mór an réaltacht nua a chur san áireamh.
- Ní mór do thuismitheoirí uchtaíocha ionchasacha agus do sholáthróirí seirbhísí uchtála a gcuid ionchas maidir le huchtáil a bhainistiú i gcomhréir leis na réaltachtaí atá ann faoi láthair.

**Saincheisteanna suntasacha:**

Tá tuairim is 650 dearbhú bailí ann maidir le huchtáil idir tíortha in Éirinn agus tá laghdú ag teacht, ar fud an domhain, ar an líon naíonán atá ar fáil lena n-uchtáil. Maidir le tarchur leanaí go hÉirinn, bhí níos lú ná 20 tharchur comhlíontach ann sa bhliain 2013 agus níor theastaigh ó na tuismitheoirí ionchasacha go léir leanaí san aoisghrúpa is sine a bhfuil riachtanais speisialta acu a uchtáil. Dá bhrí sin, tá líon suntasach teaghlach Éireannach ann a bhfuil dearbhuithe acu ar dóigh nach mbeidh uchtáil linbh ann mar thoradh orthu.

I bhfianaise phróifíl athraitheach na leanaí atá ar fáil lena n-uchtáil ar fud an domhain, gabhann tábhacht leis an ngá le tuismitheoirí uchtaíocha atá i riocht maith sláinte agus atá in aoisghrúpa a oireann do ról mar thuismitheoir leanaí ag a bhfuil riachtanais speisialta, suas go dtí an t-am a dtagann siad chun bheith ina n-aosaigh. Rinneadh treoirlínte do chleachtóirí  i réimse measúnaithe tuismitheoirí uchtaíochta ionchasacha a eisiúint i rith na bliana 2013 agus bhain na treoirlínte le saincheisteanna liachta. Ní féidir úsáid a bhaint as na treoirlínte sin mar nithe réamhchinntitheacha le linn measúnú a dhéanamh. Sna treoirlínte sin, leagtar amach an gá le haghaidh a thabhairt ar saincheisteanna suntasacha sonracha liachta a luaithe is féidir le linn measúnú a dhéanamh más rud é gur dóigh go mbeidh tionchar díreach ag na saincheisteanna sin ar acmhainneacht na n-iarratasóirí maidir le leanbh a uchtáil agus a thógáil suas go dtí an t-am a dtagann an leanbh chun bheith ina aosach/haosach. Seachnaíonn sé sin moilleanna agus/nó díomá níos déanaí sa phróiseas. Rinneadh foirmeacha nua liachta a bhí ceaptha ag Comhairleoir Liachta an Údaráis a chur i bhfeidhm ag deireadh na bliana 2013 agus, in éineacht leis na treoirlínte, is ceart nach mbeidh moilleanna gan ghá ann do thuismitheoirí uchtaíocha ionchasacha níos déanaí sa phróiseas.

Is eol don Údarás i gcónaí gurb ionann uchtáil idir tíortha agus malairt ar chúram institiúideach do leanaí agus nach mór leas agus sábháilteacht leanaí a chosaint agus a choimirciú ar fud an phróisis.  Tá laghdú tagtha ar fud an domhain ar an líon naíonán inuchtaithe. Ar an meán, déantar leanaí a shuíomh ó aois ceithre bliana agus tá an chuid is mó dá saol roimhe sin caite faoi chúram institiúideach. Tá an gá go mbeadh tuismitheoirí uchtaíocha ionchasacha eolach ar theanga an linbh an-tábhachtach. Tá léiriú ar phróifíl athraitheach na leanaí agus ar na riachtanais bhreise atá ag leanaí san

aoisghrúpa is sine agus ag grúpaí siblíní le fáil sna cúrsaí faisnéise atá déanta ag tuismitheoirí uchtaíocha ionchasacha i rith na bliana 2013 le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte/leis an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, De bharr na ndúshlán a bhíonn le sárú ag leanaí ag a bhfuil riachtanais speisialta agus de bharr na ndeachrachtaí a bhíonn ag tuismitheoirí uchtaíocha ionchasacha maidir le huchtáil a dhéanamh i dtíortha coigríche, measann an tÚdarás gurb é atá sa chleachtas is fearr ná úsáid a bhaint as gníomhaireachtaí creidiúnaithe a éascaíonn uchtáil idir tíortha thar ceann teaghlach, rud a dhéantar i gcomhréir le Coinbhinsiún na Háige. Chuige sin, i rith na bliana 2013, lean Arc Adoption Ltd. d'uchtálacha ón mBulgáir a éascú agus, ag deireadh na bliana 2013, chuir Helping Hands Adoption Mediation Agency tús le próiseas éascaithe uchtálacha ó Vítneam.

## CREIDIÚNÚ

### Anailís ar Ghníomhaíochtaí

Foráiltear le hAlt 126 den Acht Uchtála 2010 go gcoimeádfaidh an tÚdarás 'Clár Comhlachtaí Creidiúnaithe'. Faoin mbliain 2013, bhí 14 Chomhlacht Chreidiúnaithe cláraithe sa 'Clár Comhlachtaí Creidiúnaithe'.

Fuarthas fógra amháin maidir le scor de sholáthar seirbhísí ina dhiaidh sin ó St. Patrick's Guild, Bóthar Mhuirfean, Baile Átha Cliath 4. Leanfaidh St. Patrick's Guild de bheith i ngníomh sa bhliain 2014 le linn socrú a dhéanamh maidir le dúnadh céimnithe.

## LEASUITHE AR AN ACHT UCHTÁLA 2010 ATÁ MOLTA AG ÚDARÁS UCHTÁLA NA hÉIREANN

### Clárú Gníomhaireachtaí Uchtála Idir Tíortha, Ailt 57 agus 63

Lean an Bille Uchtála 2009 ar aghaidh ar an mbonn nach mbeadh ach uchtálacha a bhí i gcomhréir le Coinbhinsiún na Háige nó le Comhaontú Déthaobhach i dteideal aitheantas a fháil agus a bheith cláraithe sa Chlár Uchtálacha Idir Tíortha tar éis theacht i bhfeidhm an Achta. Bhí forálacha alt 57, alt 63 agus alt 90 den Bhille, mar a tugadh isteach ar dtús é, ag teacht leis an gcur chuige sin. Ach, mar thoradh ar an leasú ar alt 63(2) mar a tugadh isteach ar dtús é, tá forálacha alt 63(2), mar atá achtaithe anois, débhríoch.

Seo a leanas bunbhrí na deacrachta atá i gceist: Níl aon fhoráil ann in Acht 2010 maidir le haitheantas a thabhairt d'uchtáil idir tíortha a rinneadh tar éis an lae bunaithe, agus an uchtáil a chlárú ina dhiaidh sin:

(1) i dtír nach tír Choinbhinsiún na Háige í, nó
(2) i dtír Choinbhinsiún na Háige nach bhféadfaí an uchtáil a dhéanamh inti de réir cheanglais nós imeachta an Choinbhinsiúin mar gur cuireadh tús leis an iarratas sular tháinig Coinbhinsiún na Háige i bhfeidhm idir Éire agus Stát na huchtála.

Ina ionad sin, foráiltear le hAcht 2010 gurb amhlaidh, in aon chás seachas uchtáil a rinne daoine a raibh gnáthchónaí orthu i Stát na huchtála, go bhfuil gá le deimhniú á rá go ndearnadh an uchtáil de réir Choinbhinsiún na Háige nó de réir Comhaontú Déthaobhach. Ní bheadh deimhniú den sórt sin ar fáil i gcás inar tharla an uchtáil i dtír nach tír Choinbhinsiún na Háige í nó i gcás nach ndearnadh ceanglais nós imeachta an Choinbhinsiúin a chomhlíonadh maidir leis an uchtáil.

Dá bhrí sin, maidir le huchtálacha idir tíortha a tháinig faoi réim an dá chúinse nó an dá chatagóir sin, is ionann na forálacha idirthréimhseacha atá ann in alt 63 d'Acht 2010 agus 'cul de sac' reachtach de chineál éigin. Cé gur féidir, faoi alt 63(2)(a), leanúint ar aghaidh le huchtálacha den sórt sin faoi Acht 2010, mar atá leagtha amach i bhfomhíreanna (i), (ii) agus (iii), ní léir go ndéantar foráil shoiléir san Acht, mar atá sé dréachtaithe faoi láthair, maidir le haitheantas a thabhairt d'uchtálacha den sórt agus maidir le clárú na n-uchtálacha sin ina dhiaidh sin.
Níl an tÚdarás ag moladh gur ceart don leasú ollchlárúchán a cheadú i leith uchtálacha a bhí ar feitheamh roimh achtú Acht 2010. Is ceart go mbeadh an tÚdarás in ann diúltú fós d'aon uchtálacha den sórt sin nach gcomhlíonann forálacha reachtacha ábhartha an stáit coigríche. Dá bhrí sin, is é is bunaidhm d'aon leasú ná cead a thabhairt don Údarás uchtálacha idir tíortha ar cuireadh tús leo roimh achtú Acht 2010 a chlárú i gcás ina gcomhlíontar forálacha an stáit coigríche lena mbaineann, fiú amháin nach gcomlíontar lombhrí theicniúil Cheanglais an Choinbhinsiúin.

**Ceart uathoibríoch an iarratasóra a bhaint i dtaca le measúnú a fháil**

An ceart uathoibríoch a thugtar d'uchtaitheoirí i dtaca le measúnú a fháil ó tháinig an tAcht Uchtála 2010 i bhfeidhm a bhaint agus na treoirlínte a shainiú atá le húsáid le linn seirbhís measúnaithe a thairiscint ar bhonn lánroghnach. I láthair na huaire, tá ceart uathoibríoch chun measúnú a fháin ina chúis le diomailt acmhainní Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte/na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach agus Údarás Uchtála na hÉireann i gcás ina mbíonn iarratasóirí á measúnú le haghaidh leanaí óga amháin, rud lena mbaineann diomailt ar leith i bhfianaise líonta laghdaitheacha, aoiseanna níos airde agus riachtanais speisialta leanaí atá ar fáil lena n-uchtáil; agus i dtimpeallacht inar mó go mór an t-éileamh ná an líon leanaí atá ar fáil go dlíthiúil.

De bhreis air sin, dá ndéanfaí aoisteorainn den chineál atá molta a chur i bhfeidhm d'fhéadfaí acmhainní suntasacha a shábháil.

Tá sé intuigthe as ceart chun measúnú a fháil go bhfuil ceart ag iarratasóirí chun feidhmiú mar thuismitheoir linbh ach, ós rud é nach bhfuil ceart ag aon duine chun bheith ina thuismitheoir/tuismitheoir, leagtar béim, i gCoinbhinsiún na Háige agus sa reachtaíocht, ar cheart an linbh chun saol teaghlaigh a bheith aige/aici.

**Aitheantas a thabhairt d'uchtálacha áirithe**

Tá breithniú le déanamh ar an tsaincheist a bhaineann le haitheantas a thabhairt d'uchtálacha idir tíortha in aonaid teaghlaigh neamhthraidisiúnta e.g. lánúineacha comhghnéis/lánúineacha comhchónaitheacha/páirtnéirí sibhialta/teaghlaigh athbhunaithe

**Ceanglas maidir le Dearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta faoi Alt 40 i gcásanna Ailt 53 agus 54**

Foráil a dhéanamh á rá go bhfuil gá le Dearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta faoi Alt 40 i gcásanna Ailt 53 agus 54.

**Aoisteorainn i leith tuismitheoirí uchtaíocha ionchasacha**

Difreáil aoisteorann 42 bliana a chur i bhfeidhm idir aois an tuismitheora uchtaíoch agus an leanbh atá le huchtáil. Leis an Acht um Stádas Comhionann (Alt 5(2)(j)), tugtar cead sonrach aois na n-iarratasóirí a chur san áireamh mar rud cinntitheach i leith daoine a mheasúnú mar thuismitheoirí uchtaíocha ionchasacha.

**Cearta an linbh**

Is iad cearta an linbh atá á uchtáil/huchtáil an ghné is tábhachtaí ar fad den uchtáil - aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna amhail moilleanna ar shuíomh rud a d'fhéadfadh difear dochrach a dhéanamh do dháimh an linbh, agus sin a dhéanamh go sonrach trí dheireadh a chur leis an ngá le húdaruithe faoi Ailt 18 agus 30 i ndáil le haithreacha breithe; deireadh a chur leis an ngá le cásanna Ard-Chúirte maidir le leanaí ó phósadh atá le meas mar leanaí atá cáilithe le haghaidh uchtáil má tá siad i gcúram altramais fadtéarma; soiléiriú a dhéanamh ar ab alt a bhaineann le leanaí os cionn 7 mbliana chun an staid iar-reifrinn a chur san áireamh; cead a thabhairt daoine san aoisghrúpa 18-21 bliain d'aois ar iarratas uathu féin; deireadh a chur leis an ngá le duine a meas mar leanbh uchtaithe a mháthar/máthar nádúrtha i gcásanna leasteaghlaigh.

**Cearta máithreacha breithe**

A cearta agus a freagrachtaí doshannta i ndáil lena leanaí a athrá agus a shoiléiriú; a ceart chun uchtáil a roghnú; a ceart chun uchtáil oscailte a fháil; agus a ceart chun a chur faoi deara go ndéanfaidh strainséirí nó gaolta nó a fearchéile i gcásanna leasteaghlaigh a leanbh a uchtáil gan a stádas féin mar mháthair nádúrtha an linbh a chailliúint; má roghnaíonn sí go ndéanfaidh a fearchéile an uchtáil nó go gcomhroinnfidh sé caomhnóireacht léi, is ceart an méid sin a éascú.

**Cearta aithreacha breithe**

Mar atá luaite thuas, deireadh a chur leis an ngá le cásanna Ard-Chúirte a thionscnamh faoi Ailt 18 agus 30 agus dul siar chuig an gcóras roimhe seo i.e. déanann Bord an Údaráis cinntí gan aon ghá le húdarú Ard-Chúirte, rud atá ina chúis le moilleanna míchuí, go háirithe maidir le suíomh naíonán, agus ina chúis le costais dlí gan ghá.

Ní ceart go mbeadh gá le próiseas Ard-Chúirte Alt 30 i gcás Ailt 53/54. Bheadh an tAcht Uchtála níos forásaí dá gceadódh sé go soiléir toiliú ó aithreacha breithe; agus, i gcásanna nach n-éiríonn le gach iarracht chun an t-athair breithe a aimsiú, dá bhféadfadh an tÚdarás Uchtála toiliú an athar a ligean thar ceal; foráil a dhéanamh maidir le cásanna ina gcomhaontaíonn an t-athair breithe leis an uchtáil ach gur mial leis teagmháil a bheith aige.

**Uchtáil Oscailte**

Tá dlí uchtála na hÉireann ar gcúl, i dtaca le cleachtas de, ó tharla nach bhfuil socrú ann ina leith seo. Tá sé thar a bheith tábhachtach socrú dlíthiúil a dhéanamh, i ngach cineál uchtála, maidir le cearta na leanaí agus na dtuismitheoirí go léir chun teagmháil leanúnach a bheith acu lena chéile trí chead a thabhairt coinníollacha dlíthiúla a chur ag gabháil leis an ordú uchtála.

**An Clár Náisiúnta Roghanna maidir le Teagmháil i gcás Uchtáil (NACPR)**

An tAcht Uchtála 2010 a leasú fad a bheifí ag fanacht le is an Acht um Fhaisnéis & Lorgaireacht - is ceart go dtabharfadh an tAcht atá beartaithe bonn dlíthiúil maidir le coimeád an Chláir; is ceart bonn soiléir a thabhairt don Údarás ar dá réir a fhéadfaidh sé deimhnithe breithe bunaidh a scaoileadh mar chuid de reachtaíocht fhorásach agus i gcomhréir leis an reachtaíocht a bhaineann le cearta daonna.

**Dearbhuithe Incháilitheachta & Oiriúnachta a shealbhú**

Ar mhaithe le bunleasanna an linbh, is ceart dearbhuithe a eisiúint go ceann dhá bhliain. Athnuachan a dhéanamh ar mhodh mionnscríbhinne le haghaidh an chéad

fhadaithe agus ar mhodh measúnacht uasdátaithe uair amháin i rith na tréimhse cúig bliana. Fad cúig bliana ar a mhéad a bheith i gceist.

**Gnáthchónaí iarratasóirí**

"Gnáthchónaí breithiúnach" a shainmhíniú de réir an bhreithiúnais ón gCúirt Uachtarach le déanaí in AS v. CS [2010] 1 IR370. e.g. go raibh an t-athrú chuig an ngnáthchónaí ar marthain le tréimhse shuntasach agus go ndearnadh é le hintinn go mairfeadh sé.

Ní mór an méid seo a leanas a bhreithniú:

- Fad (mar shampla, láithreacht fhisiciúil sa Stát ar feadh tréimhse réasúnach ama);
- Rialtacht;
- Coinníollacha agus cúiseanna a bhaineann le fanacht i gcríoch an Stáit ar ina leith a éilítear gnáthchónaí;
- Na ceangail shóisialta leis an mBallstát sin (mar shampla, teaghais laistigh de chríoch an Stáit ar ina leith a éilítear gnáthchónaí;
- Na himthosca fíorais a bhaineann go sonrach le gach cás ar leithligh.

**Bord an Údaráis**

Comhaltas: I láthair na huaire, faoil Alt 98 den Acht, ní 'gnáthchomhalta' den Údarás é/í an Leaschathaoirleach. Liostaítear an leaschathaoirleach ar leithligh in éineacht leis an gCathaoirleach.
Dá bhrí sin, nuair atá córam den Bhord á fhoirmiú faoi Alt 100, ní féidir a mheas gur 'gnáthchomhalta' é/í an Leaschathaoirleach chun críocha córam a fhoirmiú fiú amháin nuair a bhíonn an Cathaoirleach i láthair (e.g. níl córam ann i gcás cruinniú a bhfuil an Cathaoirleach, an Leaschathaoirleach agus gnáthchomhalta (Oibrí Sóisialach) i láthair lena aghaidh).

Leathnú a dhéanamh ar na critéir le gur féidir duine airgeadais agus tuata a bheith ann mar chomhalta de bhreis ar na comhaltaí eile.

**Táillí ar sheirbhísí**

A chur san áireamh san Acht gur féidir le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte/leis an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach agus le hÚdarás Uchtála na hÉireann táillí a mhuirearú ar sheirbhísí áirithe.

**Smachtbhannaí**

Foráil a dhéanamh maidir le smachtbhannaí a fhorchur ar aon duine a chuireann uchtáil i gcrích lasmuigh den Stát agus é/í ar an eolas go bhfuil sí neamhshábháilte.

Foráil a dhéanamh maidir le smachtbhannaí a fhorchur ar dhaoine a fhéachann leis an uchtáil a chlárú lasmuigh de na teorainneacha ama atá leagtha amach in Alt 82 agus in alt 90(4).

**Toilithe Ailt 68/69**

Le hAlt 68, déantar foráil maidir le hordú uchtála a dheonú i gcás leanbh a aistríodh chuig an Stát ó stát tionscnaimh an linbh, de réir Airteagal 17 de Choinbhinsiún na Háige, gan uchtáil a bheith déanta (i gcás inar deonaíodh caomhnóireacht do na tuismitheoirí uchtaíocha ionchasacha).

Ach, i gcás ina bhfuil gá le toiliú ó **thuismitheoir breithe**, agus nach bhfuil an toiliú sin tugtha, tá sé de cheangal ar an Ard-Chúirt ordú a dhéanamh faoi Alt 31(3)(b) nó faoi Alt 54.

Tá an tairseach toilithe sin ar neamhréir le hAlt 26 (toilithe le horduithe uchtála) lena bhforáiltear gur féidir glacadh le toilithe **ó mháthair nó ó chaomhnóir an linbh nó ó dhaoine eile a bhfuil an leanbh faoina cheannas nó faoina ceannas nó faoi rialú**.

Tá sé beartaithe go ndéanfar foclaíocht Alt 26(1) a ionchorprú in Alt 68(2)(b) d'fhonn scóip toilithe atá inghlactha a leathnú gach dul ar iontaoibh na hArd-Chúirte. Ligfeadh sé sin don Údarás glacadh le toiliú ó oifigeach de chuid dílleachtlainne nó ó oifigeach leasa Stáit i gcás nach féidir teacht ar thuismitheoirí an linbh.

Tá an leasú chéanna le cur i bhfeidhm maidir le hAlt 69(2)(b) lena ndéantar foráil maidir le huchtáil shimplí a athrú ina huchtáil iomlán.

**Leasuithe ar IR Uimh. 524 de 2010**

Tá breithniú le déanamh i dtaobh nithe a bhaineann le sócmhainneacht Comhlachta Chreidiúnaithe a tharmligean i gcomhréir le dea-chleachtas corparáideach i ndáil leis an bhfeidhm mhaoiniúcháin a scaradh ón bhfeidhm rialála.

**Leasuithe ar IR Uimh. 611 de 2011**

Tá IR Uimh. 611 de 2011 (Na Rialacháin um an Acht Uchtála 2010 (Deimhniú Coimrithe) 2011) le leasú le nach liostófar ainmneacha na dtuismitheoirí uchtaíocha mar “Athair” agus “Máthair” ar dheimhniú coimrithe dar teideal “Deimhniú Breithe” agus nach ndéantar aon tagairt ann don Acht Uchtála 2010.

Is ceart an staid a athrú chuig an staid a bhí ann roimh fhoilsiú an IR, is é sin, maidir le deimhniú coimrithe dar teideal “deimhniú breithe”, go ndéanfaí tagairt ann don Acht Uchtála 2010 agus nach ndéanfaí aon tuismitheoirí a liostú.

Ar "gnáthshliocht" as Clár na Leanaí Uchtaithe (ina ndéantar tagairt don Acht Uchtála 2010), tá na teidil Uchtaitheoir #1 agus Uchtaitheoir #2 le leasú le go mbeidh "Athair" agus "Máthair" ann.

**TÁBLAÍ STAITISTIÚLA**

| | |
|---|---|
| Tábla 1 | Treochtaí Breithe agus Uchtála Baile in Éirinn sa tréimhse 1953-2013 |
| Tábla 2 | Orduithe Uchtála a deonaíodh/Comhlachtaí Creidiúnaithe a bhí i gceist |
| Tábla 3 | An líon iomlán uchtálacha a aithníodh idir na blianta 1991 agus 2013, i gcás ina raibh gnáthchónaí ar na huchtaitheoirí in Éirinn agus ina raibh Dearbhú bailí Incháilitheachta & Oiriúnachta acu tráth déanta na huchtála (Baineann Alt 5 den Acht Uchtála 1991 agus Alt 57(2)(b)(ii) den Acht Uchtála 2010 leis an ábhar seo). |
| Tábla 4 | An líon iomlán uchtálacha a aithníodh sa bhliain 2013, i gcás ina ndearnadh na huchtálacha tar éis achtú an Achta Uchtála 2010 agus i gcás ina raibh gnáthchónaí ar na huchtaitheoirí in Éirinn agus ina raibh Dearbhú bailí Incháilitheachta & Oiriúnachta acu tráth déanta na huchtála. (Baineann Alt 57(2)(b)(ii) den Acht Uchtála 2010 leis an ábhar seo). |
| Tábla 5 | An líon iomlán uchtálacha a aithníodh sa bhliain 2013, i gcás ina ndearnadh na huchtálacha roimh achtú an Achta Uchtála 2010 agus i gcás ina raibh gnáthchónaí ar na huchtaitheoirí in Éirinn agus ina raibh Dearbhú bailí Incháilitheachta & Oiriúnachta acu ó Údarás Uchtála na hÉireann tráth déanta na huchtála. (Baineann Alt 57(2)(a) den Acht Uchtála 2010 leis an ábhar seo). |
| Tábla 6 | An líon iomlán uchtálacha a aithníodh sa bhliain 2013, i gcás ina ndearnadh na huchtálacha tar éis achtú an Achta Uchtála 2010 agus i gcás ina raibh gnáthchónaí ar na huchtaitheoirí thar lear. (Baineann Alt 57(2)(b)(i) den Acht Uchtála 2010 leis an ábhar seo). |
| Tábla 7 | An líon iomlán uchtálacha a aithníodh idir na blianta 2009 agus 2013, i gcás ina raibh gnáthchónaí ar na huchtaitheoirí in Éirinn agus ina raibh Dearbhú bailí Incháilitheachta & Oiriúnachta acu tráth déanta na huchtála (Baineann Alt 5 den Acht Uchtála 1991 agus Alt 57(2)(b)(ii) den Acht Uchtála 2010 leis an ábhar seo). |
| Tábla 8 | An líon iomlán uchtálacha a aithníodh idir na blianta 1991 agus 2013 (Gach Roinn) |
| Tábla 9 | An líon iomlán Dearbhuithe Incháilitheachta agus Oiriúnachta arna ndeonú agus arna ndiúltú ag an mBord (iar-Bhord) Uchtála faoin Acht Uchtála 1991 |
| Tábla 10 | An líon iomlán Dearbhuithe Incháilitheachta agus Oiriúnachta arna ndeonú agus arna ndiúltú ag Údarás Uchtála na hÉireann faoin Acht Uchtála 2010 |
| Tábla 11 | Comhlachtaí Creidiúnaithe a creidiúnaíodh sa bhliain 2013 |

**Tábla 1 Treochtaí Breithe agus Uchtála Baile in Éirinn sa tréimhse 1953-2012**

| Bliain | An Líon Iomlán Breitheanna | An Líon Breitheanna Neamhphósta | % den Iomlán Breitheanna | An Líon Breitheanna | Uchtálacha mar % de Bhreitheanna Neamhphósta |
|---|---|---|---|---|---|
| 1953 | 62,558 | 1,340 | 2.14 | 381 | 28.40 |
| 1954 | 62,534 | 1,310 | 2.09 | 888 | 67.80 |
| 1955 | 61,662 | 1,234 | 2.00 | 786 | 63.70 |
| 1956 | 60,740 | 1,173 | 1.93 | 565 | 48.20 |
| 1957 | 61,242 | 1,032 | 1.69 | 752 | 72.90 |
| 1958 | 59,510 | 976 | 1.64 | 592 | 60.70 |
| 1959 | 60,188 | 959 | 1.59 | 501 | 52.20 |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 1960 | 60,735 | 968 | 1.59 | 505 | 52.20 |
| 1961 | 59,825 | 975 | 1.63 | 547 | 56.10 |
| 1962 | 61,782 | 1,111 | 1.80 | 699 | 62.90 |
| 1963 | 63,246 | 1,157 | 1.83 | 840 | 72.60 |
| 1964 | 64,072 | 1,292 | 2.02 | 1,003 | 77.60 |
| 1965 | 63,525 | 1,403 | 2.21 | 1,049 | 74.77 |
| 1966 | 62,215 | 1,436 | 2.31 | 1,178 | 82.03 |
| 1967 | 61,307 | 1,540 | 2.51 | 1,493 | 96.95 |
| 1968 | 61,004 | 1,558 | 2.55 | 1,343 | 86.20 |
| 1969 | 62,912 | 1,642 | 2.61 | 1,225 | 74.60 |
| 1970 | 64,382 | 1,709 | 2.65 | 1,414 | 82.74 |
| 1971 | 67,551 | 1,842 | 2.73 | 1,305 | 70.85 |
| 1972 | 68,527 | 2,005 | 2.93 | 1,291 | 64.39 |
| 1973 | 68,713 | 2,167 | 3.15 | 1,402 | 64.70 |
| 1974 | 68,907 | 2,309 | 3.35 | 1,415 | 61.28 |
| 1975 | 67,178 | 2,515 | 3.74 | 1,443 | 57.38 |
| 1976 | 67,718 | 2,545 | 3.76 | 1,104 | 43.38 |
| 1977 | 68,892 | 2,877 | 4.18 | 1,127 | 39.17 |
| 1978 | 70,299 | 3,003 | 4.27 | 1,223 | 40.73 |
| 1979 | 72,539 | 3,337 | 4.60 | 988 | 29.61 |
| 1980 | 74,064 | 3,723 | 5.03 | 1,115 | 29.95 |
| 1981 | 72,158 | 3,914 | 5.42 | 1,191 | 30.43 |
| 1982 | 70,843 | 4,358 | 6.15 | 1,191 | 27.33 |
| 1983 | 67,117 | 4,552 | 6.78 | 1,184 | 26.01 |
| 1984 | 64,062 | 5,116 | 7.99 | 1,195 | 23.36 |
| 1985 | 62,388 | 5,282 | 8.47 | 882 | 16.70 |
| 1986 | 61,620 | 5,946 | 9.65 | 800 | 13.45 |
| 1987 | 58,433 | 6,347 | 10.86 | 715 | 11.27 |
| 1988 | 54,600 | 6,483 | 11.87 | 649 | 10.01 |
| 1989 | 52,018 | 6,671 | 12.82 | 615 | 9.22 |
| 1990 | 53,044 | 7,767 | 14.64 | 648 | 8.34 |
| 1991 | 52,718 | 8,912 | 16.91 | 590 | 6.62 |
| 1992 | 51,089 | 9,211 | 18.03 | 523 | 5.68 |
| 1993 | 49,304 | 9,826 | 19.93 | 500 | 5.09 |
| 1994 | 47,928 | 9,904 | 20.66 | 424 | 4.28 |
| 1995 | 48,530 | 10,788 | 22.23 | 490 | 4.54 |
| 1996 | 50,390 | 12,484 | 24.77 | 405 | 3.24 |
| 1997 | 52,311 | 13,892 | 26.56 | 422 | 3.04 |
| 1998 | 53,551 | 15,133 | 28.26 | 400 | 2.64 |
| 1999 | 53,354 | 16,461 | 30.85 | 317 | 1.93 |
| 2000 | 54,239 | 17,235 | 31.78 | 303 | 1.76 |
| 2001 | 57,882 | 18,049 | 31.18 | 293 | 1.62 |
| 2002 | 60,521 | 18,815 | 31.09 | 266 | 1.41 |
| 2003 | 61,517 | 19,313 | 31.39 | 263 | 1.36 |
| 2004 | 61,684 | 19,935 | 32.32 | 273 | 1.37 |
| 2005 | 61,042 | 19,528 | 32.00 | 253 | 1.30 |
| 2006 | 64,237 | 21,295 | 33.15 | 222 | 1.04 |
| 2007 | 70,620 | 23,170 | 32.81 | 187 | 0.81 |
| 2008 | 75,065 | 24,844 | 33.09 | 200 | 0.80 |
| 2009 | 74,728 | 24,532 | 32.82 | 190 | 0.77 |
| 2010 | 73,724 | 24,860 | 33.72 | 189 | 0.76 |
| Bliain | An Líon Iomlán Breitheanna | An Líon Breitheanna Neamhphósta | % den Iomlán Breitheanna | An Líon Uchtálacha | Uchtálacha mar % de Bhreitheanna Neamhphósta |
| 2011 | 74,650 | 25,157 | 33.70 | 39 | 0.15 |
| 2012 | 72,225 | 25,344 | 35.10 | 49 | 0.19 |
| 2013 | 68,930 | 24,393 | 35.40 | 116 | 0.47 |

| IOMLÁN | | | | 44,158 | |
|---|---|---|---|---|---|

*Foinsí: Achomaireachtaí Staitistiúla (blianta éagsúla), An Phríomh-Oifig Staidrimh*

**Tábla 2 Orduithe Uchtála a deonaíodh/Comhlachtaí Creidiúnaithe a bhí i gceist**

| | |
|---|---|
| Feidhmeannacht na Seirbhíse Poiblí/An Ghníomhaireacht um Leanaí & an Teaghlach | 116 |

**Tábla 3**

Taifid i gClár na nUchtálacha Coigríche, 1991-2010, a taifeadadh de bhun Alt 5 den Acht Uchtála 1991, agus i gClár na nUchtálacha idir Tíortha, de bhun Alt 57(2)(b)(ii) den Acht Uchtála 2010. (Iarratasóirí a bhfuil gnáthchónaí orthu in Éirinn agus a bhfuil Dearbhú bailí Incháilitheachta & Oiriúnachta acu tráth déanta na huchtála).

| An Líon | An Tír | An líon leanaí | % den Iomlán |
|---|---|---|---|
| 1 | An Rúis | 1599 | 32.97 |
| 2 | An Rómáin | 786 | 16.21 |
| 3 | Vítneam | 782 | 16.12 |
| 4 | An tSín | 388 | 8.00 |
| 5 | An Aetóip | 301 | 6.21 |
| 6 | Guatamala | 176 | 3.63 |
| 7 | An Chasacstáin | 149 | 3.07 |
| 8 | An Bhealarúis | 145 | 2.99 |
| 9 | An Téalainn | 106 | 2.19 |
| 10 | An Úcráin | 99 | 2.04 |
| 11 | Meicsiceo | 91 | 1.88 |
| 12 | Stáit Aontaithe Mheiriceá | 62 | 1.28 |
| 13 | An India | 48 | 0.99 |
| 14 | An Cholóim | 19 | 0.39 |
| 15 | An Téaváin | 19 | 0.39 |
| 16 | An Bhrasaíl | 17 | 0.35 |
| 17 | Paragua | 16 | 0.33 |
| 18 | Na hOileáin Philipíneacha | 11 | 0.23 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 19 | Peiriú | 6 | 0.12 |
| 20 | An Bhulgáir | 6 | 0.12 |
| 21 | An Chambóid | 3 | 0.06 |
| 22 | Uganda | 2 | 0.04 |
| 23 | An Úisbéiceastáin | 2 | 0.04 |
| 24 | An tSile | 1 | 0.02 |
| 25 | An tSalvadóir | 2 | 0.04 |
| 26 | Iosrael | 1 | 0.02 |
| 27 | An tSeapáin | 1 | 0.02 |
| 28 | An Liobáin | 1 | 0.02 |
| 29 | An Bholaiv | 1 | 0.02 |
| 30 | Srí Lanca | 1 | 0.02 |
| 31 | Veiniséala | 1 | 0.02 |
| 32 | An tSaimbia | 1 | 0.02 |
| 33 | An Chéinia | 1 | 0.02 |
| 34 | An tSiombáib | 1 | 0.02 |
| 35 | Maracó | 1 | 0.02 |
| 36 | An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin | 1 | 0.02 |
| 37 | An Mhaláiv | 1 | 0.02 |
| 38 | An Libia | 1 | 0.02 |
| 39 | An Afraic Theas | 1 | 0.02 |
| | **Iomlán** | **4850** | **100** |

**Tábla 4**
Taifid i gClár na nUchtálacha Idir Tíortha, de bhun Alt 57(2)(b)(ii) den Acht Uchtála 2010 don bhliain 2013 amháin. (Iarratasóirí a bhfuil gnáthchónaí orthu in Éirinn agus a bhfuil Dearbhú bailí Incháilitheachta & Oiriúnachta acu tráth déanta na huchtála).

| **An Tír** | **2013** |
|---|---|
| An Rúis | 17 |
| An Aetóip | 26 |
| Stáit Aontaithe Mheiriceá | 7 |

| | |
|---|---|
| An tSín | 3 |
| An India | 10 |
| An Bhulgáir | 1 |
| An Téaváin | 1 |
| An Téalainn | 5 |
| An Cholóim | 1 |
| An tSalvadóir | 1 |
| **Iomlán** | **72** |

**Tábla 5**
An líon iomlán uchtálacha a aithníodh sa bhliain 2013, i gcás ina ndearnadh na huchtálacha roimh achtú an Achta Uchtála 2010. (Baineann Alt 57(2)(a) den Acht Uchtála 2010 leis an ábhar seo).

| **An Tír** | **2013** |
|---|---|
| An Astráil | 2 |
| An Bheilg | 2 |
| Ceanada | 1 |
| An tSín | 7 |
| An Ghearmáin | 3 |
| An Mhalaeisia | 1 |
| An Rúis | 6 |
| An Afraic Theas | 6 |
| Uganda | 1 |
| An Ríocht Aontaithe | 12 |
| An Nua-Shéalainn | 1 |
| Na hOileáin Fhilipíneacha | 1 |
| Stáit Aontaithe Mheiriceá | 14 |
| **Iomlán** | **57** |

**Tábla 6**
An líon iomlán uchtálacha a aithníodh sa bhliain 2013, i gcás ina ndearnadh na huchtálacha tar éis achtú an Achta Uchtála 2010 agus i gcás ina raibh gnáthchónaí ar na huchtaitheoirí thar lear. (Baineann Alt 57(2)(b)(i) den Acht Uchtála 2010 leis an ábhar seo).

| | |
|---|---|
| An Aetóip | 1 |
| An tSín | 1 |
| An Ghearmáin | 1 |
| An Ríocht Aontaithe | 5 |
| An Téalainn | 1 |

| | |
|---|---|
| Stáit Aontaithe Mheiriceá | 4 |
| Na hOileáin Fhilipíneacha | 1 |
| An Rúis | 1 |
| Singeapór | 1 |
| **Iomlán** | **16** |

**Tábla 7**

An líon iomlán uchtálacha a aithníodh idir na blianta 2009 agus 2013, i gcás ina raibh gnáthchónaí ar na huchtaitheoirí in Éirinn agus ina raibh Dearbhú bailí Incháilitheachta & Oiriúnachta acu tráth déanta na huchtála (Baineann Alt 5 den Acht Uchtála 1991 agus Alt 57(2)(b)(ii) den Acht Uchtála 2010 leis an ábhar seo).

| **An Tír** | **2009** | **2010** | **2011** | **2012** | **2013** |
|---|---|---|---|---|---|
| An Bhulgáir | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 |
| An Chambóid | 0 | 3 | 0 | 0 | 0 |
| An tSín | 10 | 9 | 6 | 1 | 3 |
| An Cholóim | 1 | 0 | 0 | 0 | 1 |
| An tSalvadóir | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 |
| An Aetóip | 21 | 75 | 42 | 32 | 26 |
| An India | 0 | 0 | 0 | 10 | 10 |
| An Chasacstáin | 7 | 1 | 4 | 0 | 0 |
| Meicsiceo | 16 | 10 | 3 | 1 | 0 |
| Peiriú | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Na hOileáin Fhilipíneacha | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 |
| An Rúis | 100 | 80 | 124 | 49 | 17 |
| An Téaváin | 2 | 1 | 1 | 3 | 1 |
| An Téalainn | 6 | 2 | 0 | 2 | 5 |
| An Úcráin | 2 | 2 | 0 | 0 | 0 |
| Stáit Aontaithe Mheiriceá | 4 | 7 | 7 | 19 | 7 |
| An Úisbéiceastáin | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Vítneam | 136 | 10 | 0 | 0 | 0 |
| **Iomlán** | **307** | **200** | **188** | **117** | **72** |

| Tábla 8 An líon iomlán uchtálacha a aithníodh idir na blianta 1991 agus 2013 (Gach Roinn) | |
|---|---|
| Bliain | |
| 1991 | 58 |
| 1992 | 305 |
| 1993 | 59 |
| 1994 | 67 |
| 1995 | 90 |
| 1996 | 117 |
| 1997 | 148 |
| 1998 | 260 |
| 1999 | 284 |
| 2000 | 323 |
| 2001 | 285 |
| 2002 | 440 |
| 2003 | 487 |
| 2004 | 486 |
| 2005 | 439 |
| 2006 | 406 |
| 2007 | 436 |
| 2008 | 490 |
| 2009 | 394 |
| 2010 | 288 |
| 2011 | 342 |
| 2012 | 244 |
| 2013 | 145 |
| Total | 6,593 |

**Tábla 9**
An líon Dearbhuithe Incháilitheachta agus Oiriúnachta arna ndeonú agus arna ndiúltú ag an mBord Uchtála faoin Acht Uchtála 1991.

| **Bliain** | **An Líon Dearbhuithe a Deonaíodh** | **An Líon Dearbhuithe ar Diúltaíodh dóibh** |
|---|---|---|
| 1991 | 4 | 1 |
| 1992 | 40 | 1 |
| 1993 | 54 | 6 |

| | | |
|---|---|---|
| 1994 | 63 | 3 |
| 1995 | 109 | 4 |
| 1996 | 117 | 5 |
| 1997 | 176 | 1 |
| 1998 | 206 | 3 |
| 1999 | 242 | 1 |
| 2000 | 282 | 1 |
| 2001 | 391 | 1 |
| 2002 | 399 | 1 |
| 2003 | 468 | 0 |
| 2004 | 461 | 0 |
| 2005 | 403 | 3 |
| 2006 | 400 | 3 |
| 2007 | 452 | 5 |
| 2008 | 494 | 1 |
| 2009 | 391 | 1 |
| 2010 | 423 | 1 |
| **Iomlán** | **5,575** | **40** |

Tábla 10 An líon iomlán Dearbhuithe Incháilitheachta agus Oiriúnachta arna ndeonú agus arna ndiúltú ag Údarás Uchtála na hÉireann faoin Acht Uchtála 2010

| Bliain | An Líon Dearbhuithe Alt 40 a Deonaíodh | An Líon Dearbhuithe Alt 40 ar Diúltaíodh dóibh |
|---|---|---|
| 2010 | 20 | 0 |
| 2011 | 205 | 0 |
| 2012 | 164 | 2 |
| 2013 | 266 | 1 |
| Iomlán | 655 | 3 |

**Tábla 11 Comhlachtaí Creidiúnaithe a creidiúnaíodh sa bhliain 2013**

| Uimh. Chlárúcháin | Ainm an Chomhlachta Chreidiúnaithe | Na gníomhaíochtaí a dtugtar creidiúnú ina leith |
|---|---|---|
| Ceann ar bith | | |